C/2025/1179

19.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11835 – ABC TECHNOLOGIES / TI FLUID SYSTEMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1179)

1. An 10 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ABC Technologies Inc. ('ABC Technologies', Ceanada), faoi rialú cistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe de chuid Apollo Global Management, Inc. ('AGM', na Stáit Aontaithe),

— TI Fluid Systems plc ('TI Fluid Systems', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh ABC Technologies rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar TI Fluid Systems ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 29 Samhain 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus soláthróir plaistigh, compháirteanna agus nuálaíochtaí éadroma saincheaptha ardinnealtóireachta é ABC Technologies do thionscal na ngluaisteán, agus díríonn sé go háirithe ar Mheiriceá Thuaidh. Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha ardfháis é AGM a chuireann seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus pleanála airgeadais ar fáil do dhaoine aonair agus d'infheisteoirí institiúideacha,

— Monaraíonn TI Fluid Systems réitigh córais theirmigh agus sreabháin ar fud an domhain don raon iomlán ailtireachtaí feithiclí atá ann faoi láthair agus atá i mbun forbartha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11835 – ABC TECHNOLOGIES / TI FLUID SYSTEMS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË